

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Tá a fhios againn go bhfuil do leanbh ag tosú ar scoil i mí Mheán Fómhair.

Chun é seo a cheiliúradh, agus chun cabhrú leo a mbealach a dhéanamh tríd an eispéireas nua seo, d'iarr an tAire Leanaí orainn mála 'Mo Leabharlann Bheag' a bhronnadh orthu. Baineann na scéalta sa leabhar le tosú ar scoil, a bheith sásta ionat féin, agus cairde a dhéanamh, agus tá na málaí ag fanacht leo in áit an-speisialta: do leabharlann áitiúil.

Tá cárta leabharlainne agus sparán speisialta cárta An Leabharlann Bheag san áireamh freisin le gach mála, agus tá súil againn go mbainfidh do leanbh úsáid as. Chun cabhrú leo ballraíocht a ghlacadh sa leabharlann, iarrfar ar thuismitheoirí foirm toilithe a shíniú agus cárta aitheantais baillí a thaispeáint.

Tá ballraíocht leabharlainne saor in aisce do chách. B'fhéidir gur mhaith leat cárta leabharlainne a athnuachan duit féin nó do leanaí eile i do theaghlach, nó ballraíocht a ghlacadh den chéad uair. Beidh do chárta aitheantais riachtanach sa chás seo freisin.

Tá súil againn go dtabharfaidh an féirín beag seo spéis fad saoil dod'leanbh sna leabhair agus sa léitheoireacht, spéis a mbeidh tú in ann a roinnt leo.

Táimid ag tnúth le bualadh leat, agus tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an leabhar,

Do leabharlann áitiúil



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



An Ceart chun Léitheoireachta
ag do Leabharlann



Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



A Leanaí, a chairde,

Tá a fhios againn go bhfuil sibh ag tosú ar scoil i mí Mheán Fómhair.

D'iarr an tAire Leanaí orainn mála 'Mo Leabharlann Bheag' a bhronnadh ort.

Baineann na scéalta sa leabhar le tosú ar scoil, a bheith sásta ionat féin, agus cairde a dhéanamh, agus tá na mála ag fanacht leat in áit an-speisialta: do leabharlann áitiúil.

Tá cárta leabharlainne agus sparán speisialta cárta An Leabharlann Bheag san áireamh freisin le gach mála. Tá súil againn go nglacfaidh tú ballraíocht sa leabharlann agus go dtiocfaidh tú isteach chugainn le leabhair a fháil ar iasacht uainn, am ar bith a oireann duit.

Chomh maith leis sin, is féidir leat teacht agus crochadh timpeall agus roinnt leabhar a léamh sa leabharlann le do thuismitheoirí, nó caomhnóirí má tá roinnt ama saor agat.

Tá súil againn go dtabharfaidh an féirín beag seo nasc fadsaoil duit le do leabharlann agus grá do leabhair agus don léitheoireacht.

Táimid ag tnúth le bualadh leat, agus tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an leabhar,

Do leabharlann áitiúil

